## 5. Topaic le haghaidh Fhiosrúchán na Fisice i gCleachtas – Sampla

Déan Fiosrúchán na Fisice i gCleachtas agus tuairisc a chur i gcrích bunaithe ar an méid seo a leanas:


*"Nuair a dhírigh Galileo a theileascóp optach ar na spéartha den chéad uair agus nuair a chuir sé tús leis an réalteolaíocht optúil nua-aimseartha, ba é sin an chéad fhuinneog leictreamaighnéadach amach as an gcruinne: solas."*

*Kip Thorne*


Is féidir le tonnta fuinneamh a iompar ó áit go háit, ach fágann an chaoi a n-iompraíonn tonnta iad féin gur bealach oiriúnach iad chun eolas a iompar freisin.

Baintear úsáid as tonnta meicniúla agus as tonnta leictreamaighnéadacha araon mar bhealaí chun tuiscint níos fearr a fháil ar an timpeallacht atá againn ar domhan, agus sa chruinne lasmuigh de. Tugann siad fuinneoga dúinn trínar féidir linn an nádúr a iniúchadh. Úsáidtear teileascóip, seismiméadair agus sonóir mar ghléasanna chun leas a bhaint as an eolas a bhíonn á iompar ar chineálacha éagsúla tonnta. Tá teicnící foghlamtha ag ainmhithe freisin le tonnta a úsáid chun a mbealach a dhéanamh timpeall, creach a sheilg, nó mearbhall a chur ar chreachadóirí.

Úsáid an próiseas a bhfuil cur síos air i **gCuid 4** den doiciméad seo chun fiosrúchán a dhéanamh ar an gcaoi a n-iompraíonn tonnta eolas agus/nó a bhfaightear eolas ó thonnta.






**Athfhriotal**: observer.com/2016/04/physicist-kip-thorne-discusses-gravitational-waves-the-science-behind-interstellar/
**Íomhanna**: thesun.ie/news; lpo.org.uk; utswmed.org; illinoisbats.org/echolocation-jamming-moths; imaginghealthcare.com; esa.int; theguardian.com/science

## 6. Struchtúr na tuairisce le haghaidh Fhiosrúchán na Fisice i gCleachtas

Bíodh na ceannteidil seo a leanas i do thuairisc:

- 1. Teideal agus Réamhrá
- 2. Taighde Cúlra
- 3. Dearadh agus Pleanáil
- 4. An Turgnamh a Dhéanamh
- 5. Sonraí agus Anailís ar Shonraí
- 6. Conclúidí
- 7. Tagairtí

Tá treoir i **gCuid 7** thíos maidir leis an ábhar ba chóir a bheith i do thuairisc mar aon le leithdháileadh na marcanna.

Is go digiteach a chuirfear do thuairisc faoi bhráid CSS lena marcáil, mar atá leagtha amach i **gCuid 3**.

Tabhair do d'aire go mbronnfar marcanna as ucht cumarsáid shoiléir agus gontacht sciliúil i do thuairisc ach nach mbronnfar an oiread céanna marcanna má bhíonn fad gan ghá inti agus níos lú comhsheasmhachta ag baint léi dá réir.

Níor cheart go mbeadh níos mó ná **1500 focal** i do thuairisc. Ní áirítear sa líon focal sin na focail sna tagairtí, i dtáblaí sonraí, i bhfoirmlí nó i gcothromóidí, ná i lipéid.

Tá cead agat íomhánna cuí a chur i do thuairisc chun tacú lena bhfuil á chur in iúl agat. Níor cheart go mbeadh níos mó ná **20 íomhá** i do thuairisc. Is mar theorainn, ní mar sprioc, ba chóir féachaint ar an líon íomhánna sin atá ceadaithe.

Ba chóir íomhánna a chur isteach nuair is cuí agus an aird chuí a bheith ar chumarsáid atá éifeachtach agus ábhartha. Níor chóir íomhánna a úsáid mar shlí le breis téacs a chur isteach. Moltar gan íomhánna a úsáid a bhfuil duine nó daoine iontu a d'fhéadfaí a aithint. Ní cheadaítear físeáin a chur isteach.

Is ceadmhach graif, léaráidí, íomhánna, etc. a dhéanamh le bogearraí cuí, iad a fháil ó fhoinsí tánaisteacha, iad a tharraingt de láimh nó grianghraf a thógáil díobh go díreach. Is féidir na nithe sin a chur isteach i do thuairisc mar ghrianghraif nó mar ghabhálacha scáileáin páirteacha.

Is ceadmhach foirmlí agus cothromóidí matamaitice agus eolaíochta a dhéanamh le bogearraí cuí nó iad a scríobh de láimh, iad a scanadh nó grianghraif a thógáil díobh agus iad a chur isteach i do thuairisc. D'fhonn cothroime a chinntiú idir na modhanna éagsúla ar fad, ní áireofar foirmlí agus cothromóidí sa líon íomhánna atá ceadaithe, is cuma más le bogearra nó de láimh agus mar ghrianghraf a rinneadh iad.

## 7. Leithdháileadh na marcanna

Léirítear sa tábla thíos an leithdháileadh a bheidh ar na marcanna i gcás na gcineálacha éagsúla ábhar is féidir a bheith sa tuairisc, nó le haghaidh critéir eile a d’fhéadfaí a léiriú i do thuairisc.

| **Ábhar / Critéir** | | **Marcanna** |
|---|---|---|
| **A**<br><br>**Teideal agus Réamhrá**<br>**Taighde Cúlra**<br>**Tagairtí** | • Teideal / Réamhrá / Ceist Taighde<br>• Hipitéis<br>• Taighde Cúlra (Sonraí Tánaisteacha)<br>• Meastóireacht ar Shonraí Tánaisteacha<br>• Tagairtí | **50** |
| **B**<br><br>**Dearadh agus Pleanáil**<br>**An Turgnamh a Dhéanamh** | • Dearadh an Turgnaimh<br>• Modh Turgnamhaíochta<br>• Sábháilteacht<br>• Cothroime<br>• Cruinneas<br>• Trealamh a Roghnú | **50** |
| **C**<br><br>**Sonraí agus Anailís ar Shonraí**<br>**Conclúidí** | • Breathnuithe le linn an Turgnaimh (Sonraí Príomhúla)<br>• Cur i Láthair na Sonraí<br>• Anailís ar Shonraí<br>• Conclúidí | **50** |

Ní bhaineann na critéir atá luaite thíos le codanna ar leith sa tuairisc – ba chóir go mbeadh na critéir seo le sonrú síos tríd an tuairisc ar fad.

| | | |
|---|---|---|
| **D**<br><br>**Litearthacht Eolaíochta** | • Cumarsáid<br>• Comhsheasmhacht<br>• Ábharthacht<br>• Cur Chuige Machnamhach | **50** |